CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2021/2032 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Samhain 2021

maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le haonaid mhíleata arna gcur faoi oiliúint ag misean oiliúna AE i Mósaimbíc

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaíodh Saoráid Eorpach Síochána (SES) chun go maoineodh Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2), pointe (b)(i), de Chinneadh (CBES) 2021/509, le SES féadfar gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) Tá an ghéarchéim reatha i gcúige Cabo Delgado i dtuaisceart Mhósaimbíc ilghnéitheach, agus tá baol mór ann go mbeidh iarmhairtí aici ar chúigí eile sa tír agus ar thíortha comharsanachta. Ba dhíol sásaimh do rialtas Mhósaimbíc gur slógadh Misean Oiliúna míleata neamhfheidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh mar chuid de Chur Chuige Comhtháite AE don ghéarchéim in Cabo Delgado.

(3) An 12 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1143 ([2]), lena mbunaítear misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh oiliúint mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc). Is é an cuspóir straitéiseach atá ag EUTM Mhósaimbíc tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainneachta do na haonaid sin d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc a roghnófar chun Fórsa Mearfhreagartha a chur le chéile amach anseo, ionas go bhforbróidh na haonaid sin na hacmhainneachtaí riachtanacha inbhuanaithe chun sábháilteacht agus slándáil a athbhunú in Cabo Delgado.

(4) An 30 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle nóta coincheapa do bheart cúnaimh faoi SES chun tacú le haonaid mhíleata arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc, lena n-áirítear beart práinneach chun an trealamh agus na soláthairtí is práinní is gá a sholáthar atá ag teastáil chun oiliúint chuí a chur ar an dá chuideachta d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc atá sceidealta le bheith mar an chéad grúpa a bhainfidh tairbhe as oiliúint ó EUTM Mhósaimbíc.

(5) Ina litir dar dáta an 27 Lúnasa 2021 a seoladh chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí"), d'iarr Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Mhósaimbíc ar an Aontas trealamh nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt a chur ar fáil agus soláthairtí a chur ar fáil do chuideachtaí Mhósaimbíc ar fad arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) (IO L 247, 13.7.2021, lch. 93).

(6) Tá an beart cúnaimh seo le cur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, agus go háirithe comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([3]), agus i gcomhréir leis na rialacha do chur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais a mhaoinítear faoi SES.

(7) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a bheidh chun tairbhe do Phoblacht Mhósaimbíc (an "tairbhí") atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána (SES) (an "Beart Cúnaimh").

2. Is é cuspóir an Bhirt Cúnaimh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainneachta do na haonaid d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc agus imscaradh na n-aonad sin chun go mbeidh na haonaid sin in ann na hacmhainneachtaí riachtanacha inbhuanaithe a fhorbairt chun sábháilteacht agus slándáil a athbhunú i gcúige Cabo Delgado i dtuaisceart Mhósaimbíc, agus ar an gcaoi sin féadfaidh gníomhaireachtaí cuntasacha forfheidhmithe dlí a bheith ann, faoi réir an smacht reachta, chun an pobal sibhialtach a chosaint agus chun ligean do struchtúir chuntasacha Stáit a sholáthraíonn seirbhísí ar fud Cabo Delgado tosú arís.

3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineoidh an Beart Cúnaimh soláthar an trealaimh seo a leanas nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt agus soláthairtí do na haonaid d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc dá dtagraítear sa mhír sin:

(a) trealamh aonair do shaighdiúirí;

(b) trealamh comhchoiteann ar leibhéal na cuideachta;

(c) sócmhainní soghluaisteachta ar talamh agus amfaibiacha;

(d) feistí teicniúla; agus

(e) ospidéal machaire.

4. Ar feadh tréimhse 30 mí ó dháta thabhairt i gcrích an chonartha idir an Riarthóir um Bearta Cúnaimh ag gníomhú dó mar oifigeach údarúcháin agus an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 4(2) i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509 a mhairfidh an Beart Cúnaimh.

Airteagal 2

Socruithe airgeadais

1. EUR 40 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheidh ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.

([3]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe trealaimh agus teicneolaíochta míleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas a chur chun feidhme arna maoiniú faoi SES.

Airteagal 3

Socruithe leis an tairbhí

1. Déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú ag an gCinneadh seo mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mBeart Cúnaimh agus tríd an mbeart práinneach a d'fhormheas an Chomhairle an 30 Iúil 2021.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh na haonaid d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) úsáid chuí agus éifeachtúil a bhaint as aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mBeart Cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) cothabháil leordhóthanach a dhéanamh ar aon sócmhainní a chuirtear ar fáil faoin mBeart Cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil go hoibríochtúil le linn a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mBeart Cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad gan toiliú ó Choiste na Saoráide arna bhunú faoi Chinneadh (CBES) 2021/509 chuig daoine nó eintitis eile seachas iad siúd a shainaithnítear sna socruithe sin, ag deireadh a saolré.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh faoin mBeart Cúnaimh i gcás ina bhfaighfear go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

Airteagal 4

Cur chun feidhme

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha le haghaidh an ioncaim agus an chaiteachais faoi SES a chur chun feidhme, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Déanfaidh Aireacht Cosanta Phoblacht na Portaingéile cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

Airteagal 5

Faireachán, rialú agus meastóireacht

1. Áiritheoidh an tArdionadaí go ndéanfaidh an tairbhí faireachán ar urramú na n-oibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3, agus rannchuideofar le sáruithe den sórt sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus gníomhartha foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe ag aonaid d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc dá dtugtar tacaíocht faoin mBeart Cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú seachadta, nuair atá deimhnithe seachadta le síniú ag na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh, tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú ar an bhfardal, nuair atá an tairbhí le tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar fhardal na n-earraí ainmnithe; leanfar den tuairisciú go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) nach bhfuil gá leis a thuilleadh;

(c) rialú ar an láthair, nuair atá an tairbhí le rochtain a dheonú don Ardionadaí chun rialú ar an láthair a dhéanamh arna iarraidh sin dó.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht, i bhfoirm an chéad mheasúnaithe ar an mBeart Cúnaimh, 6 mhí tar éis don chéad dá chuideachta arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc a shlógadh chuig réigiún Cabo Delgado. Is éard a bheidh i gceist leis seo cuairteanna ar an láthair chun an trealamh agus na soláthairtí a dhéanfar a sholáthar faoin mBeart Cúnaimh a sheiceáil, nó aon fhoirmeacha éifeachtacha eile d'fhaisnéis a chuirtear ar fáil go neamhspleách. Déanfar meastóireacht chríochnaitheach nuair a bheidh seachadadh an trealaimh faoin mBeart Cúnaimh críochnaithe.

Airteagal 6

Tuairisciú

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, soláthróidh an tArdionadaí tuarascálacha leathbhliantúla do CPS maidir le cur chun feidhme an Bhirt Cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh Coiste na Saoráide arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go rialta maidir le cur chun feidhme ioncaim agus caiteachais i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis a sholáthar faoi na soláthróirí agus na fochonraitheoirí lena mbaineann.

Airteagal 7

Fionraí agus foirceannadh

Féadfaidh CPS cinneadh a dhéanamh cur chun feidhme an Bhirt Cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

Féadfaidh CPS a mholadh freisin go gcuirfidh an Chomhairle deireadh leis an mBeart Cúnaimh.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES